



An Bhruiséil, 4 Samhain 2019  
(OR. en)

13700/19

**POLGEN 175  
INST 332  
CODEC 1567  
PE 247**

### NÓTA CLÚDAIGH

---

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	31 Deireadh Fómhair 2019
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2019) 553 final
Ábhar:	TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN maidir le dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaitear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2019) 553 final.

---

Faoi iamh: COM(2019) 553 final



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 22.11.2019  
COM(2019) 553 final

**NOTE**

This language version reflects the corrections done to the original EN version retransmitted under COM(2019) 553 final/3 of 18.11.2019

**TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN**

**maidir le dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom**

## TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN

**maidir le dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom**

An 25 Márta 2019, i gcomhréir le hAirteagal 228(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), sheol Parlaimint na hEorpa litir chuig an gCoimisiún Eorpach ag lorg a thuaireime maidir le dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa, arna glacadh ag a seisiún iomlánach an 12 Feabhra 2019, lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom.

Fáiltíonn an Coimisiún roimh an dréachtrialachán, ina ndéantar athbhreithniú ar Reacht an Ombudsman den chéad uair ó theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin. Leis na leasuithe atá beartaithe déantar an cleachtas reatha a chomhdhlúthú nó feabhsuithe a thabhairt isteach. Mar sin féin, ní aontaíonn an Coimisiún le cuid de na leasuithe agus/nó is mian leis trácht a dhéanamh ar ghnéithe áirithe (féach thíos).

### AITHRIS 5 — MOLTAÍ MAIDIR LE CUR I BHFEIDHM RIALUITHE CÚIRTE

Luaitear in Aithris 5 den dréacht-Rialachán go bhfuil sé de cheart ag an Ombudsman ‘moltaí a dhéanamh i gcás ina gcinneann an tOmbudsman nach bhfuil institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais ag cur rialú cúirte i bhfeidhm mar is cuí’.

#### ***Ní aontaíonn an Coimisiún leis an togra seo ar na cúiseanna seo a leanas:***

- (1) Níl aon bhunús dlí i gConarthaí an Aontais faoina bhféadfadh an tOmbudsman measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm rialaíthe cúirte. Tá córas cuimsitheach leigheasanna dlíthiúla sna Conarthaí lena áirithiú go gcuirfidh na hinstiúidí rialuithe cúirte i bhfeidhm i gceart. Go sonrach, foráiltear le hAirteagal 266 CFAE maidir leis an ‘instiúid, ar dearbhaíodh a gníomh a bheith ar neamhní nó ar dearbhaíodh a neamhgníomh a bheith contrártha leis na Conarthaí, ceanglófar uirthi na bearta is gá a dhéanamh chun breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh’. Déanann na hinstiúidí gach iarracht an oibleagáid sin a chomhlíonadh, oibleagáid ar bunchloch de chóras breithiúnach an Aontais í. Meabhraíonn an Coimisiún, i gcás nach mbíonn an páirtí lena mbaineann sásta leis na bearta a rinneadh, go bhféadfaidh sé imeachtaí a thionscnamh faoi Airteagal 263 CFAE, agus i gcás nach gníomhaíonn an institiúid, d’fhéadfadh an páirtí lena mbaineann, faoi choinníollacha áirithe, gníomhú faoi Airteagal 265 CFAE. Ina theannta sin, féadann an páirtí sin caingean a thaisceadh le haghaidh cúiteamh as damáistí faoi Airteagal 340 CFAE. Dá bharr sin, cé go bhféadann an tOmbudsman breithiúnas na Cúirte Breithiúnais a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh aige ar ghníomhaíochtaí institiúide le linn fiosrúcháin, déanann an measúnú ar chur i bhfeidhm rialuithe cúirte sárú ar a shainordú.
- (2) Níl an aithris i gcomhréir leis an dara fomhír d’Airteagal 228(1) CFAE lena bhforáiltear go ndéanfaidh an tOmbudsman fiosrúcháin ‘ach amháin má tá nó má bhí na fiorais a líomhnaítear ina n-ábhar d’imeachtaí dlíthiúla’. Mar atá ráite an Chúirt, is é atá in institiúid an Ombudsman leigheas malartach, a thugtar leis an gConradh do na

saoránaigh, ar gníomh os comhair cúirte de chuid an Aontais é chun a leasanna a chosaint agus is léir nach féidir an dá leigheas a shaothrú san am céanna<sup>1</sup>. Léirítear an méid sin in Airteagal 1(3) den Reacht reatha, ina luaitear go soiléir ‘nach bhféadfaidh an tOmbudsman idiragairt a dhéanamh i gcásanna atá os comhair na gcúirteanna ná ní fhéadfaidh sé fóntacht rialaithe cúirte a cheistiú’, agus coimeádtar é, i bhfoirmle atá níos beaichte, sa Reacht atá beartaithe, agus tagairt ann nach bhféadfaidh an tOmbudsman inniúlacht cúirte a cheistiú maidir le rialú a eisiúint. D’fhoíonn moltaí a dhéanamh do na hinstiúidí maidir leis an obair leantach i ndáil le rialú sonrach, bheadh ar an Ombudsman an rialú a léiriú. Is faoi inniúlacht na Cúirte atá sé sin, áfach. Má bhíonn amhras ann faoi bhrí nó réim bhreithiúnais, forléireoidh an Chúirt Bhreithiúnais é ar iarratas ó aon pháirtí nó ó aon institiúid de chuid an Aontais a shuífidh a leas ann (Airteagal 43 de Phrótacal Uimh. 3ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh).

- (3) Faoi Airteagal 228(1) CFAE, níl sé de chumhacht ag an Ombudsman fiosrúcháin a dhéanamh ar chásanna drochriaracháin a bhaineann leis an gCúirt Bhreithiúnais ‘ina ról breithiúnach’. Leis an aithris atá beartaithe rachfaí timpeall, ar bhealach, ar an toirmeasc sin *ex post* trína chumasú don Ombudsman rialuithe a léiriú agus moltaí a chur isteach maidir lena gcur chun feidhme cé gur faoi inniúlacht eisiach na gcúirteanna atá an méid sin.

## AIRTEAGAL 2(2) - COMHLÍONTAHT LE RIALACHA COSANTA SONRAÍ

Le hAirteagal 2(2) ceanglaítear ar an Ombudsman institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí de chuid an Aontais a chur ar an eolas maidir le gearán agus san am céanna forálacha an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta a urramú.

*Aontaíonn an Coimisiún leis an togra seo, toisc go gcuirtear i dtreis ann mar is ceart go bhfuil an tOmbudsman faoi cheangal freisin ag rialacha cosanta sonraí an Aontais Eorpaigh.*

## AIRTEAGAL 2(4) - SÍNEADH AMA A CHUR LEIS AN SPRIODHÁTA I DTACA LE GEARÁN A THAISCEADH

Foráltear le hAirteagal 2(4) ‘[go n]déanfar gearán laistigh de thrí bliana ón dáta a thagann an gearánach ar an eolas faoi na fiorais ar a bhfuil an gearán bunaithe agus déanfar teagmháil iomchuí roimh ré leis na hinstiúidí, leis na comhlachtaí, leis na hoifigí agus leis na gníomhaireachtaí lena mbaineann.’

**Ní aontaíonn an Coimisiún leis an togra seo ar na cúiseanna seo a leanas:**

De réir dealraimh níor eascraig aon fhadhbanna as an tréimhse dhá bhliain atá i bhfeidhm faoi láthair agus níl aon bhunús praiticiúil leis an tréimhse sin a fhadú bliain eile. Ina theannta sin, dá mhéad ama a imíonn thart is amhlaidh is mó an deacracht a bhíonn ag an riarrachán aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist a tarraingíodh aníos. Dá dheasca sin ní théann an togra chun leasa an riarracháin ná chun leasa na saoránach.

<sup>1</sup> Cás T-209/00 *Lamberts v. European Ombudsman*, EU:T:2002:94, míreanna 65 agus 66 arna ndearbhú ag an gCúirt Bhreithiúnais ar achomharc i gcás C-234/02 P, EU:C:2004:174.

## AIRTEAGAL 3(8) - SÍNEADH AMA A CHUR LEIS AN SPRIOCDHÁTA I DTACA LE TUAIRIM AN CHOIMISIÚIN

Foráiltear maidir leis an méid seo a leanas in Airteagal 3(8): ‘i gcás go noctar le linn fiosrúchán gur tharla cásanna de dhrochriarachán, curfidh an tOmbudsman an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an gníomhaireacht lena mbaineann ar an eolas, agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh an tOmbudsman moltaí. Déanfaidh an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an gníomhaireacht a chuirtear ar an eolas amhlaidh tuairim mhionsonraithe a chur chuig an Ombudsman laistigh de thrí mhí. Féadfaidh an tOmbudsman, ar iarraigd réasúnaithe ón institiúid, ón gcomhlacht, ón oifig nó ón ngníomhaireacht, síneadh a chur leis an spriocdháta sin, síneadh nach rachaidh thar dhá mhí. I gcás nach dtabharfaidh an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an gníomhaireacht lena mbaineann aon tuairim laistigh de thrí mhí ón spriocdháta nó laistigh den tréimhse bhereise a cuireadh leis an spriocdháta, féadfaidh an tOmbudsman an fiosrúchán a dhúnadh gan an tuairim sin a fháil.’

*Aontaíonn an Coimisiún leis an togra seo, toisc go léirítear ann an cleachtas atá ann cheana:*

- Is é an rialatá ann faoi láthair go gcaithfidh an Coimisiún freagra a thabhairt faoi cheann trí mhí i gcás ina ndéanann an tOmbudsman moltaí i gcomhthéacs cinnidh drochriaracháin. Go teoiriciúil, ní fhéadfar síneadh ama a dheonú, ach go praiticiúil, féadfar dhá shíneadh míosa a fháil ar iarraigd ón gCoimisiún. Léirítear an cleachtas sin sa téacs atá beartaithe.
- An fhoráil nach mór síneadh ama a chuirtear leis an spriocdháta a bhunú ar iarraigd réasúnaithe agus , i gcás nach dtugtar aon tuairim, go bhféadfaidh an tOmbudsman an fiosrúchán a dhúnadh gan aon tuairim, léiríonn an méid sin an cleachtas atá ann cheana.

## FORÁLACHA NUA MAIDIR LE CÁSANNA CIAPTHA (CIAPADH MORÁLTA AGUS GNÉASCHIAPADH)

- Le hAirteagal 14, an chéad fomhír, foráiltear an méid seo a leanas: ‘déanfaidh an tOmbudsman measúnú ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun cosc a chur ar chiapadh de chineál agus de nádúr ar bith laistigh d’instiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, mar aon leis na sásraí chun pionós a ghearradh ar na daoine atá freagrach as ciapadh. Déanfaidh an tOmbudsman conclúidí iomchuí a tharraingt suas i dtaobh an bhfuil na nósanna imeachta sin comhsheasmhach le prionsabail na comhréireachta, na leordhóthanachta agus an gníomhaithe fhuinniúil, agus i dtaobh an dtugann siad cosaint agus tacaíocht éifeachtach d’íospartaigh’;
- Le hAirteagal 14, an dara fomhír, foráiltear an méid seo a leanas: ‘ar mhodh tráthúil, déanfaidh an tOmbudsman scrídú ar cibé an láimhseálann nó nach láimhseálann instiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais go leordhóthanach cásanna ciaptha de chineál agus de nádúr ar bith trí na nósanna imeachta dá bhforáiltear i ndáil le gearáin sa réimse sin a chur i bhfeidhm go cuí. Déanfaidh an tOmbudsman conclúidí iomchuí ar an ábhar a tharraingt suas’;
- Le hAirteagal 14, an tríú fomhír, foráiltear an méid seo a leanas: ‘déanfaidh an tOmbudsman duine nó struchtúr a cheapadh laistigh den rúnaíocht ag a mbeidh saineolas i réimse an chiaptha agus a bheidh in ann a mheas go tráthúil i dtaobh cibé acu a láimhseáiltear nó nach láimhseáiltear cásanna ciaptha de chineál agus de nádúr ar bith, lena n-áirítear gnéaschiapadh, go leormhaith laistigh d’instiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus, i gcás inarb iomchuí, a bheidh in ann comhairle a sholáthar d’fhoireann an Aontais.’

**Ní aontaíonn an Coimisiún leis na tograí seo ar na cúiseanna seo a leanas:**

- (1) Cuid de na cumhactaí atá beartaithe, tá siad ag an Ombudsman cheana:
- Féadann an tOmbudsman fiosrúcháin a sheoladh cheana féin ar bhonn gearán nó ar a thionscnamh féin. Is leordhóthanach sin chun déileáil le cásanna drochriaracháin i dtaca le réimse ar bith, an ciapadh san áireamh. Dá bharr sin ní gá forálacha sainráite maidir le ciapadh a thabhairt isteach i Reacht an Ombudsman. Anuas air sin, níl aon bhunús dlí le forálacha sonracha maidir leis an gciapadh a thabhairt isteach i Reacht an Ombudsman toisc nach bhforáltear in Airteagal 228 CFAE ná i Rialacháin Foirne an Aontais (Airteagal 12a) maidir le cumhacht shonrach an Ombudsman ina leith sin. Dá mba rud é gur theastaigh ón reachtóir na cumhactaí sin a thabhairt don Ombudsman bheidís curtha isteach sna Rialacháin Foirne aige.
- (2) Tá forálacha maidir le ciapadh agus na hiarmháirtí a thagann as sna Rialacháin Foirne cheana, agus maidir leis na Rialacháin Foirne agus an cásdlí ábhartha lena ndéantar an coincheap a shainiu, ní mór iad a chur san áireamh:
- Beartaítear leis an téacs measúnú ar na ‘sásraí chun pionós a ghearradh ar na daoine atá freagrach as ciapadh’. De bhun Airteagal 86 de na Rialacháin Foirne, déileáiltear leis na hábhair sin trí bhíthin nósanna imeachta araónachta a dhéantar i gcomhréir le hIarscríbhinn IX a ghabhann leis na Rialacháin Foirne. Ós rud é go bhfuil institiúidí faoi cheangal na nósanna imeachta atá sna Rialacháin Foirne a leanúint, ní léir céin bhéim a bheadh ar mheasúnú an Ombudsman. Fiú má bhain an tOmbudsman de thátl as nach bhfuil na sásraí leordhóthanach, níor bh ionann an méid sin agus drochriarachán toisc nach mbeadh na hinstiúidí ach ag comhlónadh gníomh reachtach.
  - Ní chuirtear san áireamh leis an togra na saincheisteanna dlí a bhaineann le hAirteagal 12 de na Rialacháin Foirne, an cásdlí flúirseach maidir leis an gciapadh a shainmhíniú go háirithe. Bíonn iarmháirtí nach beag ag cinntí maidir leis an gciapadh ar an ngearánaí agus ar an té a gcuirtear ciapadh ina leith. Ní mór iad a chuimsiú i gcinneadh atá faoi réir athbhreithniú breithiúnach; ní fhéadann moladh a bheith faoi réir athbhreithniú dlíthiúil ná infhorfheidhmithe le dlí.
- (3) I bhfianaise na bhforálacha atá ann cheana, tá baol dúblála agus fo-éifeachtaí ann:
- Sa Choimisiún, i gcás inarb ann d’fhianaise *prima facie* (‘cruthúnas a chruthú’), féadann Oifig Imscrúdaíthe agus Araónachta an Choimisiúin (IDOC) fiosrúchán riaracháin a sheoladh ar na líomhaintí maidir leis an gciapadh. Tá nósanna imeachta comhchosúla ag na hinstiúidí eile. Leis an bhforáil, mar atá faoi láthair, ní chuirtear deireadh le dúbláil oibre de bhrí nach gceanglaítear leis an Airteagal 2(8) atá beartaithe go ndéanfaí iarratas nó gearán faoi na Rialacháin Foirne. Ar an gcaoi sin, is é a thiocfadh as an togra struchtúir atá ann cheana sna hinstiúidí a dhúbláil (féach, go háirithe, Lámhleabhar Nósanna Imeachta an Choimisiúin agus ról na ‘gcomhairleoírí iontaobh’). Déanann na Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin, trí bhíthin Comhaontú ar Leibhéal na Seirbhíse idir iad

féin agus Ard-Stiúrthóireacht na nAcmhainní Daonna, aon chás ciaptha a tharchur chuig IDOC.

- Ina theannta sin, d’fhéadfadh fo-éifeacht dhiúltach a bheith ag an leasú atá beartaithe trí rochtain na mball fairne ar leigheasanna dlí faoi na Rialacháin Foirne a dhíothú. Dá socróidís gearán a dhéanamh leis an Ombudsman, ní bheidís in ann dul chuig an gCúirt de bhun Airteagal 91(2) de na Rialacháin Foirne. Go deimhin, foráiltear le hAirteagal 270 CFAE ‘go mbeidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in aon díospóid idir an tAontas agus a sheirbhísigh faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha a leagtar síos le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais agus le Coinniollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais’.
- (4) Ní thagann cuid de na forálacha sin faoi shainchúram an Ombudsman:
  - Foráiltear le hAirteagal 228(1) CFAE gurb é sainordú an Ombudsman imscrídú a dhéanamh ar ‘chásanna drochriaracháin i ngníomhaíochtaí institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireseachtaí de chuid an Aontais’. Dá gníomhódh institiúid (nó mura gníomhódh sí) de shárú ar rialacha riaracháin is infheidhme, d’fhéadfadh gur drochriarachán a bheadh ansin agus, dá bhrí sin, go dtiocfadh sé faoi shainordú an Ombudsman. Mar sin féin, ní amhlaidh a bhíonn ach amháin más rud é gur féidir na fiorais líomhnaithe a chur i leith institiúide toisc gur ghníomhaigh sí ar bhealach arbh é ba chúis leis na himthosca sin nó toisc nár ghníomhaigh sí i leith na ceiste sin. Freagraíonn an méid sin d’Airteagal 2(4) de Reacht an Ombudsman atá ann faoi láthair, nach dtagann athrú ar an téacs atá ann maidir leis an ggné sin den togra agus lena bhforáiltear nach mór do shaoránaigh, roimh dhul i muinín an Ombudsman, teaghmáil a bheith déanta acu leis na hinstiúidí i dtaobh na saincheiste céanna agus freagra a bheith faighte acu nach n-aontaíonn siad leis nó gan aon fhreagra a bheith faighte acu laistigh de réimse ama réasúnta.
  - Ní chuimsítear le sainordú an Ombudsman measúnú buan ar bheartais agus ar nósanna imeachta go ginearálta. Grinnscrídú nó formhaoirseacht bhuan ar ghníomhaíocht ar leith de chuid na n-institiúidí, ní chuige sin atá comhlacht an Ombudsman. Tá inniúlachtaí cothrománacha ag an Ombudsman sna réimsí uile ina sainaithnítear cásanna drochriaracháin.
  - Is é sainordú agus ról an Ombudsman mar a leagtar síos é in Airteagal 228(1) CFAE é, ar sainordú ginearálta é agus nach sainordú é a bhaineann go sonrach le réimsí áirithe den dlí amhail ciapadh, cásanna drochriaracháin a imscrídú agus, dá bharr sin, scrídú a dhéanamh ar ghearáin agus fiosrúcháin a dhéanamh, seachas comhairle a chur ar bhaill fairne institiúidí eile. Comhairle a thabhairt maidir le cás ar leith, bheadh sé sin ina bhac ar neamhchlaontacht an Ombudsman agus ar an acmhainneacht atá ann tuairim neamhchlaonta a thabhairt ar chás: dá gcuirfeadh an tOmbudsman comhairle ar bhall fairne maidir le cás a chuirfi faoi bhráid an Ombudsman ina dhiaidh sin trí bhíthin gearán, b’fhéidir go mbeadh ar an Ombudsman aghaidh a thabhairt ar choinbhleacht leasa.

- Thiocfadh as an togra sin ionchais nach mbeadh an tOmbudsman in ann a chomhlíonadh, toisc nach bhféadfadh an institiúid gníomhú go héifeachtach ach amháin faoi réir na nósanna imeachta a bhunaítear leis na Rialachán Foirne lena bhforáltear maidir le cearta agus oibleagáidí na mball foirne.

(5) Tá fadhb ghinearálta ann maidir le modh agus próiseas:

- Is deacair a shamhlú conas a bheadh an tOmbudsman ar an eolas faoi gach cás ciaptha mura gcuirtear in iúl don Ombudsman é trí bhíthin gearáin. Mar atá an scéal faoi láthair, is amhlaidh gurb é is ciall leis an bhforáil gur cheart don Ombudsman athbhreithniú a dhéanamh (ar a thionscnamh féin) ar gach cás ciaptha (i.e. ní ar na cásanna gnéaschiaptha amháin) a ndéanann aon institiúid de chuid an Aontais déileáil leis, ar ‘*bhealach tráthúil*’.
- Ba cheart don Ombudsman moltaí a dhéanamh ar bhonn fiosrúchán tar éis deis a thabhairt don institiúid barúlacha a chur isteach. Dá ndéanfaí moltaí nó conclúidí lasmuigh de na nósanna imeachta sin dhéanfaí faillí i gceart na hinstiúide chun a barúlacha a chur in iúl agus bheadh na moltaí agus na conclúidí sin bunaithe ar fhaisnéis neamhiomlán.

(6) Tá roinnt forálacha eile doiléir:

- an dtagraíonn Airteagal 14, an dara mír, do na cásanna uile nó do na cásanna a ndéileálann na hinstiúidí leo agus dóibh sin amháin?
- cad is brí le ‘*conclúidí*’ (Airteagal 14, an chéad mhír)?
- cad is brí le prionsabal na ‘*leordhóthanachta*’ agus, go háirithe, prionsabal an ‘*gníomhaithe fhuinniúil*’ (Airteagal 14, an chéad mhír)?

## FORÁLACHA NUA MAIDIR LE CÁSANNA GNÉASCHIAPTHA

- Foráltear le hAirteagal 2(8), ‘[c]é is moite de ghearán a bhaineann le cásanna gnéaschiaptha, n[ach bh]fhéadfar aon ghearán a dhéanamh chuig an Ombudsman a bhaineann leis an gcaidreamh oibre idir institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus a gcuid oifigeach agus seirbhíseach eile mura rud é go bhfuil leas bainte ag an duine lena mbaineann as na féidearthachtaí go léir i dtaca le hiarratais agus gearán riarracháin inmheánacha a thíolacadh, go háirithe na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 90 de Rialachán Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais, a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68<sup>2</sup> ón gComhairle (“na Rialachán Foirne”), agus go bhfuil na teorainneacha ama i gcomhair freagraí ón institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht tar éis dul in éag.’
- Mar a léirítear thuas, foráltear le hAirteagal 14, an tríú mír, ‘[go n]déanfaidh an tOmbudsman duine a cheapadh nó struchtúr a chur ar bun laistigh den rúnaíocht ag a mbeidh saineolas i réimse an chiaptha agus a bheidh in ann a mheas go tráthúil i dtaobh an láimhseáiltear nó nach láimhseáiltear cásanna ciaptha de chineál agus de nádúr ar bith, lena n-áirítear gnéaschiapadh, go leormhaith laistigh d’ístitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus, i gcás inarb iomchuí, a bheidh in ann comhairle a sholáthar d’fhoireann an Aontais.’

<sup>2</sup> IO L 56, 4.3.1968, Ich. 1.

***Ní aontaíonn an Coimisiún leis na tograí seo agus moltar an abairt ‘cé is moite de ghearáin a bhaineann le cásanna gnéaschiaptha’ a bhaint d’Airteagal 2(8) ar na cúiseanna seo a leanas:***

Cé go mbaineann a bhfuil ráite thusa faoi chásanna ciaptha le cásanna gnéaschiaptha freisin, tá údair imní shonracha ag an gCoimisiún maidir le hidirdhealú a dhéanamh ar an gcineál sin ciaptha mar a moladh sa dréachtrialachán:

- (1) Déantar iarracht leis an Rialachán atá beartaithe (go háirithe Airteagal 2(8)) sainordú an Ombudsman a leathnú níos faide ná an réimse feidhme atá cumhdaithe sna Conarthaí. Dá nglacfaí na forálacha nua seo, i gcás cásanna gnéaschiaptha, ní bheadh sé de cheangal ar bhaill foirne iarraidh a dhéanamh faoi Airteagal 24 nó 90(1) de na Rialacháin Foirne, nó gearán a thaisceadh de bhun Airteagal 90(2), sula dtéann siad chuig an Ombudsman, mar atá sa nós imeachta atá i bhfeidhm faoi láthair. Is léir, áfach, i gcás nach mbíonn de cheangal ar an ngearánach gach trial a bhaint as na nósanna imeachta inmheánacha uile, ní fhéadfadh an institiúid ábhartha a bheith freagrach mura nglacann sí na bearta iomchuí, mar nach mbeadh an seans aici aghaidh a thabhairt ar an scéal. Go dtí go gcuirtear an institiúid ar an eolas faoin scéal agus nach dtabharfaidh sí aghaidh air, is i leith an bhaill foirne agus ina leith sin amháin a fhéadtar an gnéaschiapadh a chur. Ní fhéadfaí freagracht a chur ar an institiúid as gan aghaidh a thabhairt ar an scéal ach amháin i gcás gur cuireadh ar an eolas í faoin scéal agus go raibh an deis aici aghaidh a thabhairt air.
- (2) I gcás gearán a bhaineann le gnéaschiapadh, mar atá i ngach uile chás dá dtagraítear i ndréacht-Airteagal 2(8), ba cheart an deis a bheith ag an institiúid aghaidh a thabhairt ar an gcás sula ndéanfaí aon tarchur ionchasach chuig an Ombudsman. Mar a léirítear in aithris 2 agus in Airteagal 2(1) den togra, is é ról an Ombudsman drochriarachán i ghníomhaíochtaí institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais a nochtadh. Dá réir sin, ba cheart go bhféadfaidh na hinstiúidí an cás a mheas agus plé leis, cás gnéaschiaptha san áireamh, sula ndéanann an Ombudsman a mheas cé acu a thug siad aghaidh cheart ar an gcás nó nár thug.
- (3) Ní chuirtear san áireamh sa togra go bhfuil réimse leathan uirlísí ann sna Rialacháin Foirne, agus bearta eile arna nglacadh ag na hinstiúidí sa chreat seo, e.g. gníomhartha arna ndéanamh ag Ard-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna an Choimisiúin chun dul i ngleic leis an ggnéaschiapadh (mar shampla, Cinneadh C(2006)1624/3 ón gCoimisiún an 26 Aibreán 2006).
- (4) Cé gur follasach na difríochtaí idir an ciapadh morálta agus an gnéaschiapadh, níl sé oiriúnach idirdhealú a dhéanamh eatarthu sa chomhthéacs seo. Ní fhoráiltear maidir leis an idirdhealú seo in Airteagal 12 de na Rialacháin Foirne maidir le cearta agus oibleagáidí baill foirne mar go bhféadfaí an dá chineál ciaptha a bheith thar a bheith díobhálach.
- (5) Baineann na pointí i dtaca le cásanna ciaptha (an roinn roimhe seo) le cásanna gnéaschiaptha freisin, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:
  - (1) an gá lena bheith ag teacht leis an gcásdlí flúirseach atá ann maidir leis an sainmhíniú ar an gciapadh (pointe 2);
  - (2) dúbláil na struchtúr atá ann cheana (pointe 3);

- (3) comhairle do bhaill foirne (pointe 4, an dara fleasc);
- (4) ionchais a ardú (pointe 4, an tríú fleasc).
- Foráiltear le hAirteagal 17: '[go n]glacfaidh an tOmbudsman na forálacha cur chun feidhme don Rialachán seo. Beidh siadsan i gcomhréir leis an Rialachán seo agus áireoidh siad ar a laghad forálacha maidir leis an méid seo a leanas: (a) cearta nós imeachta an ghearnánaigh agus na hinstítiúide, an chomhlachta, an hoifige nó na gníomhaireachta lena mbaineann; (b) a áirithíú go ndéanfar na hoifigigh nó na seirbhísigh eile a thuairiscionn cásanna gnéaschiaptha agus cásanna de sháruithe ar dhlí an Aontais a chosaint laistigh d'instítiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 22a de na Rialacháin Foirne ("sceithireacht"); [...].'

***Ní aontaíonn an Coimisiún leis an togra seo ar na cúiseanna seo a leanas:***

- (1) Ba cheart fomhír b) a scriosadh mar nach bhfuil sain-inniúlacht ag an Ombudsman ar an gnéaschiapadh agus ba cheart na nósanna imeachta riarracháin uile a ídiú roimh ré.
- (2) Maidir leis na coimircí breise nós imeachta i gcomhthéacs gearán a bhaineann le gnéaschiapadh, ní dhéantar aon idirdhealú idir na Rialacháin Foirne maidir leis na cineálacha éagsúla ciaptha. Mar sin, ba cheart na coimircí céanna a thabhairt do bhaill foirne a dhéanann liomhain maidir le haon chineál ciaptha, ní an ghnéaschiapadh amháin.

## FORÁLACHA NUA MAIDIR LE SCEITHIREACHT

- Foráiltear leis an gcéad abairt den chéad mhír d'Airteagal 5: '[go n]déanfaidh an tOmbudsman measúnuithe rialta ar na beartais agus athbhreithnithe ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm in instítiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 22 de na Rialacháin Foirne ("sceithireacht") agus [go n]déanfaidh an tOmbudsman, i gcás inarb iomchuí, moltaí nithíúla feabhsúcháin a dhéanamh d'fhearr cosaint iomlán a áirithíú d'oifigigh agus do sheirbhísigh eile a thuairiscionn fiorais i gcomhréir le hAirteagal 22a de na Rialacháin Foirne.'

***Ní aontaíonn an Coimisiún leis an togra seo ar an gcúis seo a leanas:***

Ní comhlacht atá san Ombudsman chun grinnscrúdú nó maoirseacht bhuan agus rialta a dhéanamh ar shainghníomhaíochtaí instítiúidí eile. Ní fhéadfaidh an tOmbudsman plé leis na saincheisteanna seo ar bhonn gearán nó ar bhonn a chumhachtaí chun fiosrúcháin féintionscnaimh a sheoladh ach i gcomhthéacs cásanna féideartha drochriaracháin amháin. Níl measúnú ar bheartais agus nósanna imeachta go ginearálta san áireamh i sainordú an Ombudsman.

- Foráiltear leis an dara abairt den chéad mhír d'Airteagal 5 den dréachtrialachán: '[go bh]féadfaidh an tOmbudsman, arna iarraidh sin, faisnéis, comhairle neamhchlaoanta agus saintreoir a thabhairt ar bhonn rúnda d'oifigigh nó do sheirbhísigh eile maidir leis an iompar cuí atá le déanamh más ann do na fiorais dá dtagraítear in Airteagal 22a de na Rialacháin Foirne, lena n-áirítear maidir le raon feidhme fhorálacha ábhartha dhlí an Aontais';

agus foráiltear le hAirteagal 5, an dara fleasc, 'chomh maith leis sin, [go bh]féadfaidh an tOmbudsman tú a chur le **fiosrúcháin** bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn oifigigh nó seirbhísigh eile a thuairiscionn fiorais i gcomhréir le hAirteagal 22a de na Rialacháin Foirne, a fhéadfaidh tuairisc a thabhairt go rúnda agus go hanaitheann, i gcás

ina bhféadfadhbh na fiorais a gcuirtear síos orthu a bheith mar bhunús do dhrochriarachán in institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais. Chun go gcumasófar an chríoch sin, féadfar rialacháin foirne is infheidhme maidir le rúndacht a tharscaoileadh.’

***Ní aontaíonn an Coimisiún leis na tográí seo ar na cúiseanna seo a leanas:***

- (1) Is é sainordú an Ombudsman cásanna drochriaracháin a imscrúdú seachas comhairle a chur ar bhaill foirne na n-institiúidí, gan trácht ar sin a dhéanamh ar bhealach rúnda. Má chuireann an tOmbudsman comhairle ar fáil maidir le cás áirithe, cuirfear isteach ar neamhchlaontacht an Ombudsman agus a inniúlacht chun a bheith neamhchlaonta maidir leis an gcás: má tá comhairle tugtha ag an Ombudsman do bhall foirne maidir le hábhar a bhíonn ina ábhar fiosrúcháin ag an Ombudsman ina dhiaidh sin, d’fhéadfadhbh sé sin a bheith ina choinbhleacht leasa aige.
- (2) Níl an tagairt a dhéantar d’Airteagal 22a de na Rialacháin Foirne ag teacht leis na Conartháí. Leagtar amach leis na Rialacháin Foirne córas cuimsitheach maidir le sceithireacht agus dualgas na n-oifigeach a n-institiúid nó OLAF a chur ar an eolas. Tá Reacht an Ombudsman bunaithe ar Airteagal 228 CFAE agus ní fhéadfaidh sé cearta agus oibleagáidí na mball foirne a athrú, ar cearta agus oibleagáidí iad atá bunaithe trí nós imeachta reachtach difriúil atá bunaithe ar Airteagal 336 CFAE. Foráiltear le hAirteagal 22b de na Rialacháin Foirne nach bhféadfaidh ball foirne an tOmbudsman a chur ar an eolas ach amháin nuair atá duine de na daoine nó ceann de na comhlachtaí atá liostaithe in Airteagal 22a curtha ar an eolas aige. Mar sin, d’fhoinn seasmhacht agus cinnteacht dhlí a chaomhnú, níor cheart tagairt a dhéanamh ach d’Airteagal 22b, ionas go bhféadfaidh baill foirne a bheith cinnte faoin nós imeachta atá le leanúint.
- (3) Ba cheart an tagairt do tharscaoileadh rúndacht ghairmiúil a scriosadh. Má théann ball foirne chuig an Ombudsman de bhun Airteagal 22b de na Rialacháin Foirne, ní bheidh aon ghá ann iarraidh air a rúndacht ghairmiúil a tharscaoileadh. Maidir leis na baill foirne eile, ba cheart go leanfar na rialacha agus na nósanna imeachta céanna i bhfiosrúchán a thionscnaítear ar bhonn gearán a dhéanann ball foirne de bhun Airteagal 22b de na Rialacháin Foirne agus a leantar in aon fhirosrúchán eile de chuid an Ombudsman. Níl aon ghá le sainfhoráil.

Mar a luaitear thuas, ní aontaíonn an Coimisiún le hAirteagal 17 (a) agus (b) den dréachtrialachán sa mhéid go n-áirítear an sceithireacht ann (féach na cúiseanna thuasluaite).

## **TAGAIRT SHAINRÁITE D’FHIOSRÚCHÁIN STRAITÉISEACHA**

Foráiltear le hAirteagal 3(2), ‘gan dochar do phríomhdhualgas an Ombudsman, eadhon gearáin a láimhseáil, [go bh]féadfaidh an tOmbudsman fiosrúcháin féintionscnaimh a sheoladh, ar de chineál níos straitéisí iad, chun cásanna de dhrochriarachán athfhillteach nó thar a bheith tromchúiseach a shainaithint, chun dea-chleachtais riarracháin a chur chun cinn laistigh d’institiúidí, de chomhlachtaí, d’oifigi agus de ghníomhaireachtaí an Aontais agus chun dul i ngleic go réamhghníomhach le saincheisteanna struchtúracha ar chun leas an phobail iad agus a thagann faoi shainchúram an Ombudsman’ (féach freisin aithris 7)

*Aontaíonn an Coimisiún leis na tograí seo a fhad is a fheidhmíonn an tOmbudsman laistigh dá shainordú, i.e. drochriarachán.*

## **IDIRPHLÉ STRUCHTÚRTHA AGUS COMHAIRLIÚCHÁIN PHOIBLÍ**

Foráiltear le hAirteagal 3(3), '[go bh]feadfaidh an tOmbudsman dul i mbun plé struchtúrtha agus rialta le hinstituídí, comhlacthaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus comhairliúcháin phoiblí a eagrú sula dtabharfaidh an tOmbudsman moltaí nó ag aon chéim ina dhiaidh sin. Chomh maith leis sin, féadfaidh an tOmbudsman anailís agus measúnú a dhéanamh ar bhealach córasach ar dhul chun cinn na hinstituíde, an chomhlactha, na hoifige nó na gníomhaireachta lena mbaineann, agus tuilleadh moltaí a eisiúint'.

*Aontaíonn an Coimisiún go páirteach leis an togra seo:*

- (1) Maidir leis an 'idirphlé struchtúrtha agus rialta', aontaíonn an Coimisiún leis an bprionsabal, ag cur san áireamh go dtarlaíonn sé seo cheana féin. Leag an tOmbudsman ina tuarascáil sa bhliain 2018 go raibh sí 'buioch d'instituídí, comhlacthaí agus gníomhaireachtaí Aontais Eorpaigh as a gcuid comhoibrithe san obair [seo]<sup>3</sup> agus d'fháiltigh sí go rialta roimh freagairtí an Choimisiún. Sa bhliain 2017, chomhlón an Coimisiún 76% de thograí, moltaí, agus comhairle an Ombudsman maidir le réitigh. É sin ráite, bheadh gá leis an idirphlé a dhéanamh laistigh de chreat atá comhaontaithe agus inoibrithe.
- (2) Maidir leis an Ombudsman comhairliúcháin phoiblí a eagrú 'sula dtabharfaidh sé moltaí nó ag aon chéim ina dhiaidh sin', aontaíonn an Coimisiún go páirteach. Nil aon agóid aige i gcoinne an phrionsabail. Is féidir go bhféadfaidh an tOmbudsman comhairliúcháin phoiblí a eagrú agus beidh an tsolúbthacht aige é sin a dhéanamh nuair is iomchuí, mar atá cheana. É sin ráite, ní cinnteoir atá san Ombudsman, rud a fhágann go bhfuil ról na gcomhairliúchán sin 'sula dtabharfaidh sé moltaí' agus fiú 'ar aon chéim ina dhiaidh sin' doiléir agus d'fhéadfaí go mbeadh an pobal ag dréim leis an Ombudsman a bheith in ann beartais nua a thionscnamh nó na beartais arb ann dóibh cheana a mhodhnú, dá bharr sin. Agus í ag cur a cuid moltaí le chéile, tá neamhspleáchas iomlán ag an Ombudsman a mheas cé acu a bhfeidhmíonn instituídí agus comhlacthaí an Aontais i gcomhréir le prionsabail an dea-riaracháin nó nach bhfeidhmíonn. D'fhéadfaí go mbeadh sé úsáideach critéir shonracha a tharraingt suas maidir leis na cásanna ina mbítear ag súil le comhairliúcháin phoiblí agus cad chuige a mbítear ag súil leo. Chomh maith leis sin, ní mór é a bheith soiléir nár cheart comhairliúchán poiblí a bheith ann i gcomhthéacs cásanna aonair, go háirithe ar mhaith le sonraí a chosaint.
- (3) Molann an Coimisiún gur cheart an focal 'córasach' a scriosadh. Tugtar cheana féin leis an téarma 'feadfaidh' an tsolúbthacht is gá don Ombudsman measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn nuair is mian leis.

## **FORÁLACHA NUA MAIDIR LE ROCHTAÍN AR DHOICIMÉID**

- Foráiltear le hAirteagal 3(4), '[go n]déanfaidh instituídí, comhlacthaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais aon fhaisnéis a iarrann an tOmbudsman orthu a sholáthar don Ombudsman agus [go n]déanfaidh siad rochtain a thabhairt don Ombudsman ar na comhaid lena mbaineann. Rochtain ar fhaisnéis nó doiciméid rúnaicmithe, beidh sí faoi réir chomhlónadh na rialacha a bhaineann le próiseáil faisnéise rúnda a dhéanann

<sup>3</sup> <https://www.ombudsman.europa.eu/ga/annual/en/113728>

an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht lena mbaineann de chuid an Aontais.

Maidir leis na hinstitiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí nó na gníomhaireachtaí a sholáthraíonn faisnéis nó doiciméid rúnda i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, curfidh siad an rúndacht sin in iúl don Ombudsman roimh ré.

Maidir le cur chun feidhme na rialacha dá bhforáiltear sa chéad fhomhír, beidh na coinníollacha faoina ndéileáiltear le faisnéis nó doiciméid rúnda comhaontaithe roimh ré ag an Ombudsman leis an institiúid, leis an gcomhlacht, leis an oifig nó leis an ghníomhaireacht lena mbaineann.

Ní thabharfaidh na hinstitiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí nó na gníomhaireachtaí lena mbaineann rochtain ar dhoiciméid de thionscnamh Ballstáit, ar doiciméid iad atá aicmithe le dlí nó le rialachán mar dhoiciméid rúnda, ach amháin tar éis do sheirbhísí an Ombudsman bearta agus coimircí iomchuí a chur ar bun chun na doiciméid a láimhseáil, ar bearta agus coimircí iad lena n-áirthítear leibhéal coibhéiseach rúndachta, i gcomhréir le hAireagal 9de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 agus i gcomhréir le rialacha slándála na hinstitiúide, an chomhlachta, na hoifige nó na gníomhaireachta lena mbaineann de chuid an Aontais.’ (Féach freisin aithris 9)

#### ***Ní aontaíonn an Coimisiún leis an togra seo ar na cùiseanna seo a leanas:***

Sa chéad dul síos, tá mír dheiridh (nua) na forála seo doiléir agus ní dhéantar tagairt ann ach do chodanna áirithe d'Aireagal 9de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001. Go deimhin, cé go ndéantar tagairt sa mhír nua do ‘rochtain ar dhoiciméid atá de thionscnamh Ballstáit agus atá aicmithe mar dhoiciméid rúnda’, is amhlaidh go bhfágtar amach roinnt páirteanna d'Aireagal 9, lena bhforáiltear: ‘is é atá i ndoiciméid íogaire ná doiciméid de thionscnamh na n-institiúidí nó na ghníomhaireachtaí arna mbunú acu, de thionscnamh na mBallstát, de thionscnamh tríú tíortha nó de thionscnamh Eagraíochtaí Idirnáisiúnta, ar doiciméid iad atá aicmithe mar "TRÈS SECRET/TOP SECRET", "SECRET" nó "CONFIDENTIEL" i gcomhréir le rialacha na hinstitiúide lena mbaineann, agus ar doiciméid iad a thugann cosaint do leasanna bunúsacha an Aontais Eorpaigh nó do leasanna ceann amháin nó níos mó dá chuid Ballstát sna réimsí atá clúdaithe le hAireagal 4(1)(a), go háirithe slándáil phoiblí, cosaint agus cúrsaí mileata’.

Ar an dara dul síos, ba cheart go mbeadh feidhm ag na bearta sin maidir le doiciméid rúnaicmithe a láimhseáil. Dá bharr sin, níl sé soiléir cén fáth a ndéantar tagairt san fhóráil seo do shocruithe nach bhfuil le cur i bhfeidhm ach maidir le doiciméid rúnda. Foráiltear le hAireagal 9(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ‘[nach nd]éanfar doiciméid íogaire a thaifeadadh sa chlár ná a scaoileadh ach le toiliú an tionscnóra’. Níl sé soiléir cad chuige nach luaitear ach na Ballstáit agus go n-eisiatar tionscnóirí eile, e.g. tíortha nach bhfuil san Aontas nó eagraíochtaí idirnáisiúnta.

Ar deireadh, níl sé soiléir an ndéantar tagairt san fhóráil do rochtain phoiblí ar na doiciméid seo nó ar a dtarchur chuig an Ombudsman.

#### ***Molann an Coimisiún an téacs malartach seo a leanas in ionad na chéad mhíre d'Aireagal 3(4):***

‘Ní tharchuirfidh na hinstitiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí nó na gníomhaireachtaí lena mbaineann chuig an Ombudsman doiciméid rúnaicmithe a thionscnaíonn uathu nó ó Bhallstáit, ó thríú tíortha nó ó eagraíochtaí idirnáisiúnta ach amháin tar éis do sheirbhísí an Ombudsman bearta agus coimircí iomchuí a chur ar bun chun doiciméid

aicmithe a láimhseáil, i gcomhréir le hAirteagal 9de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 agus i gcomhréir le rialacha slándála na hinstituíde, an chomhlachta, na hoifige nó na gníomhaireachta lena mbaineann de chuid an Aontais.'

- Ina theannta sin, molann an Coimisiún Airteagal 4(8) atá ann faoi láthair d'Fhorálacha Cur Chun Feidhme an Ombudsman a chomhtháthú go díreach i dtéacs an Reachta ag deireadh an dara mír d'Airteagal 3(4), d'fhonn sainaithint agus láimhseáil cheart faisnéise rúnda a áirthiú.

***Molann an Coimisiún an téacs seo a leanas:***

‘Agus é ag cur faisnéise nó doiciméad ar fáil don Ombudsman, déanfaidh institiúid nó Ballstát aon fhaisnéis a mheasann sé a bheith rúnda a shainiú go soiléir. Ní nochtaidh an tOmbudsman aon fhaisnéis rúnda den chineál seo, bíodh sé sin don ghearánach nó don phobal, gan réamhthoiliú na hinstituíde nó an Bhallstáit lena mbaineann.’

- Foráiltar le hAirteagal 4, ‘maidir le hiarrataí ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid, seachas na doiciméid sin dá dtagraítear in Airteagal 6(1), [go n]déileálfaidh an tOmbudsman agus foireann an Ombudsman leo i gcomhréir leis na coinníollacha agus leis na teorainneacha dá bhforáiltar le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001.

I ndáil le gearáin maidir leis an gceart chun rochtain phoiblí a fháil ar dhoiciméid oifigiúla arna dtarraingt suas nó arna bhfáil ag institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais, déanfaidh an tOmbudsman, tar éis anailís chuí agus gach breithnithe is gó, moladh a eisiúint maidir le rochtain ar na doiciméid sin. Déanfaidh an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht lena mbaineann freagra a thabhairt laistigh de na hamchláir dá bhforáiltar le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001. Mura leanann an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht lena mbaineann moladh ón Ombudsman rochtain a thabhairt ar na doiciméid sin, déanfaidh sí nó sé údar iomchuí a thabhairt dá diúltú nó dá dhiúltú. I gcás den sórt sin, cuirfidh an tOmbudsman an gearánach ar an eolas faoi na leigheasanna dlí atá ar fáil, lena n-áirítear na nósanna imeachta atá ar fáil chun an cás a tharchur chuig Cúirt Bhireithiúnais an Aontais Eorpaigh.’

***Ní aontaíonn an Coimisiún leis an togra seo ar na cúiseanna seo a leanas:***

- (1) Maidir leis an nós imeachta:

- bheadh ar an institiúid lena mbaineann freagra a thabhairt ar mholadh an Ombudsman. Mar sin féin, ní iarraidh nua ar rochtain atá i moladh an Ombudsman, ní fhéadfaidh sé a bheith coibhéiseach le hiarraidh nua ar rochtain, agus ní féidir caitheamh leis ar an dóigh sin;
- ina theannta sin, is amhlaidh, i gcás go ndiúltaíonn an institiúid an moladh a leanúint, go mbeadh oibleagáid uirthi cinneadh a ghlaicadh, rud a fhágfadh go bhféadfaí deis nua a bheith ag an iarratasóir cás a thabhairt os comhair chúirteanna an Aontais Eorpaigh. Níl sé seo ag teacht leis an dara mír d'Airteagal 228(1) CFAE (‘I gcás go suíonn an tOmbudsman go bhfuil drochriarachán i gceist, cuirfidh sé an cás faoi bhráid na hinstituíde i dtrácht agus beidh trí mhí aici chun a tuairim a thabhairt dó. Ansin cuirfidh an tOmbudsman tuarscáil ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an institiúid lena mbaineann. Cuirfear an duine a rinne an gearán ar an eolas faoi thoradh na bhfiosrúchán sin’). Níl sé ag teacht ach oiread le hAirteagal 2(6) de Reacht an Ombudsman. Faoin Airteagal sin,

ní bhíonn aon tionchar ag gearán arna thíolacadh chuit an Ombudsman ar theorainneacha ama d'achomhairc in imeachtaí breithiúnacha.

(2) Maidir leis an tsubstaint:

- Foráiltear leis an togra ‘i ndáil le gearáin maidir leis an gceart chun rochtain phoiblí a fháil ar dhoiciméid oifigiúla arna dtarraingt suas nó arna bhfáil ag institiúid de chuid an Aontais [..], [go n]déanfaidh an tOmbudsman, tar éis analís chuí agus gach breithnithe is gá, moladh a eisiúint maidir le rochtain ar na doiciméid sin’. Tá sé doiléir an í an chiall atá leis:
- i gcás nach bhfuil an Coimisiún in ann iaraidh a phróiseáil laistigh de na spriocdhátaí dlíthiúla, go bhfuil sé de cheangal ar an Ombudsman moladh a eisiúint maidir leis an neamhrialtacht nós imeachta amháin; nó
- go mbeidh cead ag an Ombudsman a mheasúnú féin a dhéanamh ar thuillteanas na hiarrata ar rochtain fad a bheidh an Coimisiún ag déanamh measúnaithe ar an iarratas daingniúcháin.

Ní bheadh an dara léirmhíniú thusas inghlactha – go dtí go nglacfar cinneadh daingniúcháin, ní fhéadfáí aon drochriarachán a bheith ann maidir leis an tsubstaint;

- foráiltear leis an togra go bhféadfaidh an tOmbudsman an gearánach a chur ar an eolas maidir le ‘leighis dlí, lena n-airítéar caingne cúirte’ nuair ‘nach bhfuil moladh á leanúint’ ag institiúid. Bheadh moltaí riachtanach dá bharr agus chruthófaí spriocdhátaí nua chun caingne cúirte a thabhairt isteach, rud nach bhfuil indéanta mar, mar a luaitear thusas, go dtugann an tOmbudsman leigheas malartach ar chúirt an Aontais don saoránach, agus nach bhféadfaí an dá leigheas sin a úsáid ag aon am amháin.

**Molann an Coimisiún an téacs malartach seo a leanas in ionad Airteagal 4:**

‘Maidir le hiarrataí ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid, seachas na doiciméid sin dá dtagraítear in Airteagal 6(1), déileálfaidh an tOmbudsman agus foireann an Ombudsman leo i gcomhréir leis na coinníollacha agus leis na teorainneacha dá bhforáiltear le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001, mar a chomhlánaítear é le Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 a fhad go bhfuil baint aige le rochtain ar fhaisnéis chomhshaoil<sup>4</sup>.

I ndáil le gearáin maidir leis an gceart chun rochtain phoiblí a fháil ar dhoiciméid oifigiúla arna dtarraingt suas nó arna bhfáil ag institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais, déanfaidh an tOmbudsman, tar éis analís chuí agus gach breithnithe is gá, cinneadh a dhéanamh cé acu a raibh drochriarachán ann nó nach raibh. Murab ann do chúis den chineál sin, dúnfaidh sé an comhad agus cuirfidh sé an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht ar an eolas dá réir sin. Má bhíonn cúis ann a mheas gurb ann do chás drochriaracháin, cuirfidh sé an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht lena mbaineann ar an eolas maidir leis na cinntí a thacaíonn le hamhras drochriaracháin agus tabharfaidh sé deis don institiúid a tuairimí

<sup>4</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtaí ar Fhaisnéis Chomhshaoil, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtaí ar cheartas i gCúrsaí Comhshaoil ar institiúidí agus comhlachtaí ar Chomhphobail, IO L 264, 25.9.2006, Ich. 13).

a nochtadh ina leith. Más rud é, tar éis dó aon tuairimí a nocht an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht lena mbaineann a thabhairt san áireamh, go gcinneann an tOmbudsman go raibh drochriarachán ann, cuirfidh sé an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht lena mbaineann ar an eolas, agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh sé moladh. Déanfaidh an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht a chuirtear ar an eolas amhlaidh tuairim mhionsonraithe a chur chuig an Ombudsman laistigh de thrí mhí.’

Is é an réasúnaíocht atá leis moladh malartach sin nár cheart don Ombudsman a chinneadh gurb ann do dhrochriarachán gan an deis a thabhairt don institiúid tuairim a nochtadh maidir lena chinntí.

Ba cheart an abairt ‘déanfaidh an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht lena mbaineann freagra a thabhairt laistigh de na hamchláir dá bhforáiltear le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001’ a scríosadh. Is maidir leis na freagraí ar an iarratasóir, agus leosan amháin, atá feidhm ag na tréimhsí ama sin. Níl aon bhunús dlí ann le hiad a shíneadh chuig freagra na hinstiúide ar an Ombudsman. Ina theannta sin, is cosúil go bhfuil siad díréireach agus go bhfuil siad míchothrom. Sula gcuirfidh sí freagra chuig an Ombudsman, tar éis di moladh a fháil uaidh, ní mór don institiúid anailís a dhéanamh air. Os a choinne sin, ní bheidh an tOmbudsman faoi aon cheangal ama agus ní eiseodh sé moladh ‘ach amháin tar éis anailís chuí agus gach breithniú is gá’ a dhéanamh.

Tá sé tábhachtach iarrataí a chur isteach ar rochtain ar fhaisnéis chomhshaoil a bheartaítear sa chéad cholún de Choinbhinsiún Aarhus agus a thugtar isteach i ndlíocháras an Aontais trí bhíthin Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006. Leagtar síos coincheap na fairsnéise comhshaoil in Airteagal 2.1(d). Fiú má bhunaítear le hAirteagal 3de Rialachán Uimh. 1367/2006 go bhfuil feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir le haon iaraidh ar fhaisnéis chomhshaoil, níl na rialacha ionmlán comhionann i ngeall ar Airteagal 6*inter alia*. Dá bharr sin, ní mór é a chur leis an tagairt do Rialachán Uimh. 1049/2001.

- Ar deireadh, molann an Coimisiún go ndéanfaí Airteagal 9(4) atá ann faoi láthair d’Fhorálacha Cur Chun Feidhme an Ombudsman a chomhtháthú go díreach isteach i dtéacs an Reachta ag deireadh an cheathrú mír d’Airteagal 3(4), d’fhoinn an próiseas a nasctar le coinneáil fairsnéise ag an Ombudsman a shonrú.

#### ***Molann an Coimisiún an téacs seo a leanas:***

‘Ní choinneoidh an tOmbudsman seilbh ar dhoiciméid a fuarthas ó institiúid nó ó Bhallstát le linn fiosrúcháin, agus ar dhearbhaigh an institiúid nó an Ballstát sin iad a bheith rúnda, ach amháin fad a bheidh an fiosrúchán ar siúl. Féadfaidh an tOmbudsman iaraidh ar institiúid nó ar Bhallstát na doiciméid sin a choinneáil ar feadh tréimhse cúig bliana ar a laghad tar éis fógra a bheith tugtha dóibh nach bhfuil na doiciméid á gcoinneáil a thuilleadh ag an Ombudsman.’

## **RAON FEIDHME FIANAISE OIFIGEACH AGUS SEIRBHÍSEACH EILE DE CHUID AN AONTAIS A SHÍNEADH**

Foráiltear leis an mír dheiridh d’Airteagal 3(4), ‘déanfaidh oifigigh agus seirbhísigh eile in institiúidí, comhlachtaí, oifigi agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, arna iaraidh sin ag an Ombudsman, fianaise a thabhairt maidir le fiorais a bhaineann le fiosrúchán leanúnach ag an Ombudsman. Déanfaidh siad labhairt ar son a n-institiúide, a gcomhlachta, a n-oifige nó a ngníomhaireachta. Leanfaidh siad de bheith faoi cheangal na n-oibleagáidí a eascraíonn as na

rialacha a bhfuil siad faoina réir. Nuair a bhíonn siad faoi cheangal ag dualgas rúndachta gairmiúla, ní dhéanfar a léirthuiscent as sin go gcumhdaítear faisnéis atá ábhartha i dtaoth gearáin nó fiosrúcháin maidir le ciapadh nó drochriarachán.'

***Ní aontaíonn an Coimisiún leis an togra seo ar na cúiseanna seo a leanas:***

- (1) Ní mór soiléiriú a dhéanamh ar an gcreat dlí a bhaineann le faisnéis a nochtadh don Ombudsman ag baill foirne:

Tagraítear leis an bhforáil atá beartaithe maidir leis an ‘bhfianaise’ a bheidh le tabhairt ag baill foirne institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais don Ombudsman. I dtaca leis sin, maidir le hAirteagal 19 de na Rialacháin Foirne, lena bhforáiltear go bhféadfadh baill foirne fianaise a thabhairt faoi réir údarú foirmiúil a fháil óna údarás ceapacháin roimh ré, tá sé tábhachtach a mheabhrú go mbaineann sé le nochtadh a dhéantar le linn imeachtaí breithiúnacha agus leis sin amháin. De bhrí nachimeacht dlí é fiosrúchán, ní féidir feidhm a bheith ag Airteagal 19 maidir le fianaise a thugtar don Ombudsman.

Dá réir sin, ba cheart an ‘fhianaise’ dá dtagraíonn an fhoráil atá beartaithe a lipéadú mar ‘nochtadh faisnéise’, a thagann faoi raon feidhme Airteagal 17(1) de na Rialacháin Foirne. I gcomhréir leis an méid sin, ‘[s]taonfaidh oifigeach ó aon nochtadh neamhúdaraithe maidir leis an bhfaisnéis a gheobhaidh sé agus a chuid dualgas á comhlíonadh aige, ach amháin i gcás go mbeidh an fhaisnéis sin foilsithe cheana fénin nó go mbeidh teacht ag an bpobal uirthi’. Dá bhrí sin, sula ndéanfaidh baill foirne faisnéis a nochtadh, lena n-áirítear fianaise a nochtadh don Ombudsman, ní mór go gcomhaontóidh a n-oifigigh uachtaracha san ordlathas leis an méid sin.

- (2) Ní mór a shoiléiriú nach bhféadtar glaoch ar bhaill foirne chun fianaise a thabhairt i gcáil aonair:

Trí thagairt a dhéanamh d’oibleagáid na mball foirne ‘fianaise a thabhairt maidir le fiorais a bhaineann le fiosrúchán leanúnach ag an Ombudsman’, tugtar le fios le foclaíocht na forála atá beartaithe go bhféadtar oibleagáid a chur ar bhaill foirne fianaise a thabhairt os comhair an Ombudsman ina gcáil aonair, agus a leagan fénin a thabhairt dó. Is sárú ar shainordú an Ombudsman, áfach, fianaise aonair a iarraig. Go deimhin, déileálann an tOmbudsman le drochriarachán ag institiúidí agus níl aon chumhacht aimsithe fioras aige, i gcásanna ciaptha go háirithe. Is ar an institiúid fhreagrach amháin agus, i gcás inar gá, ar Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh atá sé de chúram finnitéithe a éisteacht agus na fiorais a chinneadh.

Tá sé lúaite cheana sa dara habairt den fhoráil atá beartaithe go ndéanfadhbh aill foirne ‘labhairt thar ceann a n-institiúide, a gcomhlachta, a n-oifige nó a ngníomhaireachta’. Ar mhaithle le débhrí a sheachaint, ba cheart aon tagairt do ‘fianaise maidir leis na fiorais’ ag ball foirne a scriosadh.

- (3) Ba cheart feidhm a bheith ag an dualgas maidir le rúndacht gairmiúil i gcónai:

Luaitear san abairt dheireanach den fhoráil atá beartaithe nach bhfuil feidhm ag an dualgas maidir le rúndacht a leagtar síos in Airteagal 17(1) de na Rialacháin Foirne maidir le cásanna ina dtugann an tOmbudsman éisteacht do bhaill foirne i gcomhthéacs fiosrúcháin. Ba cheart an abairt seo a scriosadh toisc go bhfuil feidhm ag Airteagal 17(1) de na Rialacháin Foirne maidir le gach imthoisc, lena n-áirítear i gcásanna ina nochtann comhaltaí foirne faisnéis le linn fiosrúcháin Ombudsman. Go deimhin, maidir leis na heisceachtaí a leagtar síos sna Rialacháin Foirne, baineann

siad leis na cásanna ina noctann baill foirne faisnéis le linn imeachtaí dlí (Airteagal 19) nó mar sceithirí (Airteagal 22a agus Airteagal 22b).

## FORÁIL NUA MAIDIR LE COINBHLEACHTAÍ LEASA

Foráiltear le hAirteagal 3(5), ‘go tráthrialta, déanfaidh an tOmbudsman scrúdú ar na nósanna imeachta atá nasctha le gníomhaíocht riarracháin institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais agus déanfaidh an tOmbudsman measúnú ar a gcumas coinbhleachtaí leasa a sheachaint go héifeachtach, neamhchlaontacht a ráthú agus lánurraim a áirithíú don cheart chun dea-riarracháin. Féadfaidh an tOmbudsman cásanna féidearthá de coinbhleachtaí leasa ar gach leibhéal a shainaithint agus measúnú a dhéanamh orthu, ar cásanna iad a d’fhéadfadh a bheith ina bhfoinsí drochriaracháin, agus sa chás sin déanfaidh an tOmbudsman conclúidí sonracha a tharraingt suas ina leith agus cuirfidh an tOmbudsman Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir leis na torthaí ar an ábhar sin.’

### ***Ní aontaíonn an Coimisiún leis an togra seo ar na cúiseanna seo a leanas:***

- (1) Grinnscrúdú nó formhaoirseacht bhuan ar ghníomhaíochtaí ar leith nó ar réimsí gníomhaíochtaí de chuid na n-institiúidí eile, ní chuige sin atá an tOmbudsman. Ní fhéadfaidh an tOmbudsman déileáil leis na saincheisteanna sin ar bhonn a chumhachtáí chun gearáin a imscrúdú nó fiosrúcháin fhéintionscnaimh a chur ar bun, ach amháin i gcás cásanna drochriaracháin. Ní chumhdaítear le sainordú an Ombudsman measúnú ar bheartais agus ar nósanna imeachta i gcoitinne.
- (2) Measann an Coimisiún go bhfuil an focal ‘*conclúidí*’ doiléir. Is amhlaidh go dtugann sé an chumhacht don Ombudsman teacht ar chonclúidí lasmuigh de chomhthéacs fiosrúcháin, rud a chiallódh nach mbeadh an institiúid in ann a tuairimí a chur isteach. Níl sé sin ag luí leis an dara fleasc d’Airteagal 228(1) CFAE.

## TUARASCÁLACHA SPEISIALTA DO PHARLAIMINT NA HÉORPA

Foráiltear le hAirteagal 3(9), ‘ansin seolfaidh an tOmbudsman tuarascáil chuig an institiúid, chuig an gcomhlacht, chuig an oifig nó chuig an ngníomhaireacht lena mbaineann agus, go háirithe i gcás ina n-éilíonn cineál nó scála an drochriaracháin a noctadh amhlaidh, chuig Parlaimint na hEorpa. Féadfaidh an tOmbudsman moltaí a dhéanamh sa tuarascáil. Cuirfidh an tOmbudsman an gearánach ar an eolas faoi thoradh an fiosrúcháin, faoin tuairim arna léiriú ag an institiúid, ag an gcomhlacht, ag an oifig nó ag an ngníomhaireacht lena mbaineann agus faoi aon mholtá arna ndéanamh i dtuarascáil an Ombudsman.’

### ***Ní aontaíonn an Coimisiún leis an togra seo ar na cúiseanna seo a leanas:***

Bhí an ceart i gcónaí ag an Ombudsman ‘tuarascálacha speisialta’ a chur faoi bhráid Pharlamint na hEorpa, de bhreis ar thuarascálacha ar a ghníomhaíochtaí. Ní eisíonn sé tuarascálacha speisialta ach amháin i gcásanna atá an-eisceachtúil agus an-íogair maidir lena gcinneann an tOmbudsman go bhfuil an drochriarachán i gceist fior-thromchúiseach. Ar an meán, níl curtha isteach ag an Ombudsman ach aon tuarascáil speisialta amháin in aghaidh na bliana. Eisíodh an tuarascáil speisialta dheireanach a bhí bainteach leis an gCoimisiún in 2012 agus bhain sin leis an bhforleathnú ar aerfort Vín. Is fearr an fhocláocht atá beartaithe ná an téacs mar atá sé faoi láthair mar go bhforáiltear ann, go háirithe, do shamplaí ar gá tuarascáil speisialta a sheoladh ina leith agus ar an gcaoi sin gur dóchúla go ndéanfar an fhóráil sin a urramú.

## **DEISEANNA LÁITHRIÚ OS COMHAIR PHARLAIMINT NA hEORPA A MHÉADÚ**

Foráiltéar le hAirteagal 3(10), ‘í gcás inarb iomchuí i ndáil le fiosrúchán ar ghníomhaíochtaí a rinne institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais, féadfaidh an tOmbudsman láithriú os comhair Pharlaimint na hEorpa, ar thionscnamh an Ombudsman féin nó arna iarraidh sin ag Parlaímint na hEorpa, ar an leibhéal is iomchui’.

*Níl aon agóid ag an gCoimisiún maidir leis an togra seo*, agus léireodh sé gur faoi Pharlaimint na hEorpa atá sé aghaidh a thabhairt ar an gcaoi agus ar am a d’fhéadfadh an tOmbudsman teacht os a comhair.

## **NÓS IMEACHTA NUA CHUN RÉITEACH A MHOLADH**

Foráiltéar le hAirteagal 3(11), ‘a mhéid is féidir, féachfaidh an tOmbudsman le réiteach a fháil in éineacht leis an institiúid, leis an gcomhlacht, leis an oifig nó leis an ngníomhaireacht lena mbaineann chun deireadh a chur leis an gcás drochriaracháin agus chun an gearán a réiteach. Cuirfidh an tOmbudsman an gearánach ar an eolas faoin réiteach atá beartaithe chomh maith le haon bharúlacha, más ann dóibh, ón institiúid, ón gcomhlacht, ón oifig nó ón ngníomhaireacht lena mbaineann. I gcás inar mian leis an ngearánach amhlaidh, beidh an gearánach i dteideal barúlacha, nó faisinéis bhereise nach rabhthas ar an eolas fúithi tráth a tíolacadh an gearán, a chur faoi bhráid an Ombudsman tráth ar bith.’

*Ní aontaíonn an Coimisiún maidir leis an togra seo ar na cúiseanna seo a leanas:*

Is féidir cheana réitigh a mholadh chun aghaidh a thabhairt ar chásanna drochriaracháin, cé is moite de chinntí foirmiúla a ghlacadh, go háirithe tar éis theacht i bhfeidhm Fhorálacha Cur Chun Feidhme nua de Reacht an Ombudsman in 2016. Is chun leasa na bpáirtithe uile lena mbaineann é.

## **INNEACHAR THUARASCÁIL BHLAINTÚIL AN OMBUDSMAN**

Foráiltéar le hAirteagal 3(12), ‘ag deireadh gach seisiún bhliantúil, déanfaidh an tOmbudsman tuarascáil ar thorthaí na bhfiosrúchán a rinne an tOmbudsman a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa. Áireofar sa tuarascáil measúnú maidir le comhlíonadh mholtáí an Ombudsman agus measúnú maidir le leordhóthanacht na n-acmhainní a bhí ar fáil chun dualgais an Ombudsman a chomhlíonadh. Féadfaidh na measúnuithe sin a bheith faoi réir tuarascálacha ar leithligh freisin’ (féach freisin aithris 6).

*Níl aon agóid ag an gCoimisiún maidir leis an togra seo*, agus léireodh sé gur ábhar é sin do Pharlaimint na hEorpa.

Cumhdaítear cheana féin le tuarascáil bhliantúil an Ombudsman chuig Pharlaimint na hEorpa rátaí comhlíontachta agus na hacmhainní atá ar fáil. Foilsíonn an tOmbudsman an dara tuarascáil gach bliain ina mbíonn figiúirí nuashonraithe (‘Rudaí a chur ina gCeart’).

## **FÓGRA A THABHAIRT DON OIFIG EORPACH FRITH-CHALAOISE AGUS D'OIFIG AN IONCHÚISITHEORA PHOIBLÍ EORPAIGH**

Foráiltéar leis an gcéad mhír d’Airteagal 6(2), ‘más rud é, i gcúrsa na bhfiosrúchán, go bhfaigheann an tOmbudsman amach faoi fhíoraí a mheasann an tOmbudsman ina leith go bhféadfadh baint a bheith acu leis an dlí coiriúil, tabharfaidh an tOmbudsman fógra do na húdaráis inniúla náisiúnta agus, a mhéid a thagann an cás faoi réim a gcumhachtaí, don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise agus d’Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh. Más iomchuí, tabharfaidh an tOmbudsman fógra freisin don institiúid, don chomhlacht, don oifig nó don

gníomhaireacht de chuid an Aontais ag a bhfuil údarás ar an oifigeach nó ar an seirbhíseach lena mbaineann, agus féadfaidh an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an gníomhaireacht sin an dara mír d'Airteagal 17 de Phrótacl Uimh. 7ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm' (féach freisin aithrisí 10 agus 11).

**Aontaíonn an Coimisiún go páirteach leis an togra seo**, toisc go measann sé go bhféadann sé a bheith áisiúil ag an Ombudsman fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla, don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise agus d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh nuair a d'fhéadfadh sé go mbainfeadh fiorais a thiocfadh chun cinn le linn fiosrúcháin leis an dlí coiriúil.

**Mar sin féin, measann an Coimisiún freisin gur cheart an téacs a leasúchun** sraith gníomhaíochtaí níos leithne a chumhdach (féach thíos).

- (1) Tá an fhocláiocht thuas mícheart, mar go dtarscaoileann na hinstiúidí díolúine arna iarraidh sin nó i gcomhar le húdaráis forfheidhmithe dlí, ach ní dhéanann siad ar a dtionscnamh féin é.
- (2) Leis an bhfocláiocht atá sa chéad chuid den abairt faoi láthair ('*Más rud é go bhfaigheann an tOmbudsman amach faoi fhiorais go bhféadfadh baint a bheith acu leis an dlí coiriúil...*') tugtar corrach breithmheasa don Ombudsman maidir le cibé acu an ndéanfaidh sé na fiorais sin a thuairisciú (nó gan iad a thuairisciú), agus an uair a dhéanfar sin. Le hAirteagal 8(1) de Rialachán 883/2013 agus le Airteagal 24(1) de Rialachán 2017/1939 ní fhágtaí an corrach breithmheasa sin ag na hinstiúidí, comhlachtaí, oifigí, agus gníomhaireachtaí ach déantar foráil leo maidir le hoibleagáid tuairiscithe a chur ar OLAF nó ar Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, nach bhfuil faoi réir coinníoll ar bith agus '*gan moill mhíchuí*'.
- (3) D'fhéadfaí leis an bhfocláiocht atá san abairt dheireanach faoi láthair a cheadú don Ombudsman – tar éis a thuairisciú chuig OLAF nó chuig Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh fiorais a thagann faoi chuimsiú a n-inniúlachtaí faoi seach – fógra a thabhairt don institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht lena mbaineann, cé go bhféadfadh gur mhian le OLAF nó Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, os a choinne sin, soláthar na faisnéise sin a chur siar.

Le hAirteagal 4(8) de Rialachán 883/2013 tugtar lamháil áirithe d'OLAF, mar go bhforáiltear leis '*I gcás go bhfuil faisnéis á láimhseáil ag an Oifig sula bhfuil cinneadh déanta faoin cibé acu an n-osclófar nó nach n-osclófar imscrídú inmheánach agus go dtugtar le fios leis an bhfaisnéis sin go ndearnadh calaois, éilliú nó aon gníomhaiocht neamhdhleathach eile lena ndéantar dochar do leasanna airgeadais an Aontais, féadfaidh an Oifig an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht lena mbaineann a chur ar an eolas*'. (Is linne an treise)

Anuas air sin, má dhéanann OLAF, tar éis faisnéis a fháil ón Ombudsman, imscrídú inmheánach a bhaineann le hoifigeach, seirbhíseach eile, comhlacht d'institiúid nó comhlacht, ceann oifige nó gníomhaireachta, nó ball foirne, tá sé d'oibleagáid ar OLAF an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht lena mbaineann an duine sin a chur ar an eolas (an chéad mhír d'Airteagal 4(6) de Rialachán 883/2013). Mar sin féin, féadfaidh OLAF beartú soláthar na faisnéise sin a chur siar (an mhír dheireanach d'Airteagal 4(6) de Rialachán 883/2013). Dá bhrí sin, maidir le fógra a thabharfadhbh an tOmbudsman d'institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht a bhfuil údarás aige maidir leis an oifigeach nó an seirbhíseach i gceist agus gan dul i gcomhairle le OLAF ar dtús, d'fhéadfadh go mbeadh d'fho-éifeacht aige sin cinntí OLAF maidir leis an obair leantach a dhéanfadhbh sé ar an bhfaisnéis a gheofaí, na cinntí sin a chur sin i mbaol (mar shampla, má chinneann sé imscrídú a thionscnamh nó gan é a

thionscnamh agus cathain an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht a chur ar an eolas maidir le himscrúdú a thionscnamh).

Beidh feidhm ag na breithnithe céanna (an gá rúndacht imscrúduithe a dhéanfar amach anseo a chosaint) a mhéid a bhaineann sé le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh.

### ***Molann an Coimisiún an téacs seo a leanas:***

*‘Dá bhféadfadh fiorais a gheofaí amach le linn imscrúdaithe a bheith ina gcion coiriúil nó a bheith bainteach le cion coiriúil tuairisceoidh an tOmbudsman chuig na húdaráis náisiúnta inniúla agus, a mhéid a thagann an cás faoi réim a n-inniúlachtaí faoi seach, chuig an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, i gcomhréir le hAireagal 24 de Rialachán 2017/1939. Tá sin gan dochar d’oibleagáid tuairiscithe ghinearálta na n-institiúidí, comhlachtaí, oifigi agus gníomhaireachtaí uile chuig an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, i gcomhréir le hAireagal 8de Rialachán 883/2013. Más iomchuí, agus tar éis dul i gcomhairle le OLAF nó le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, tabharfaidh an tOmbudsman fógra freisin don institiúid, don chomhlacht, don oifig nó don ghníomhaireacht de chuid an Aontais ag a bhfuil údarás ar an oifigeach nó ar an seirbhíseach lena mbaineann, a d’fhéadfaidh na nósanna imeachta iomchuí a tionscnamh.’*

## **FÓGRA ÓN OMBUDSMAN CHUIG AN DUINE LENA MBAINNEANN AGUS CHUIG AN NGEARÁNACH MAIDIR LE TARCHUR FAISNÉISE CHUIG OIFIG AN IONCHÚISITHEORA PHOIBLÍ**

Léirítear le haithris 11: ‘Ba cheart na hathruithe is déanaí a bhaineann le cosaint leasa airgeadais an Aontais i gcoinne cionta coiriúla a chur san áireamh, go háirithe bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh le Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle, chun a cheadú don Ombudsman fógra a thabhairt d’Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh faoi aon fhaisnéis a thagann faoi shainchúram na hOifige. Mar an gcéanna, chun lánurraim a thabhairt do thoimhde na neamhchiontachta agus do na cearta chun cosaint a fháil atá cumhdaithe in Airteagal 48 de Chait um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, is inmhianaithe, i gcás ina dtugann an tOmbudsman fógra d’Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh faoin bhfaisnéis a thagann faoi shainchúram an hOifige, go dtuairisceodh an tOmbudsman an fógra sin don duine lena mbaineann agus don ghearnánach.’

*Aontaíonn an Coimisiún go páirteach leis an togra seo,* mar go leagtar síos an oibleagáid tuairisciú d’ Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh i Rialachán 2017/1939.

***Mar sin féin, measann an Coimisiún gur cheart an abairt dheireanach a scríosadh.*** Má thuiriscíonn an tOmbudsman chuig Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh aon fhaisnéis a thagann faoi shainchúram an Ionchúisitheora, agus chuig an duine lena mbaineann agus chuig an ngearánach chomh maith, d’fhéadfadh sin cur isteach ar aon ghníomhaíocht imscrúdúcháin ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a d’fhéadfaí a dhéanamh nó a dhéanfaí sa todhchaí. Ina theannta sin, ar chéim tharchur na faisnéise chuig Oifig an Ionchúisitheora, ní bhíonn imscrúdú ar siúl agus ní bhíonn aon duine lena mbaineann “ionchúisithe” fós. Dá bhrí sin, ní bhíonn urraim Airteagal 48 de Chait um Chearta Bunúsacha an Aontais “i ngníomh” fós. Ag an bpointe sin, is gá rúndacht aon imscrúdaithe choiriúil a bheadh ann a urramú. Tá sé de dhualgas ar Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh Cait um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus na cearta um nós imeachta a urramú (féach Airteagail 5agus 41 de Rialachán 2017/1939 ón gComhairle) le linn a cuid imscrúduithe.

## **COMHAR LE GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHEARTA BUNÚSACHA**

Foráiltear le hAirteagal 7(2): ‘*Laistigh de raon feidhme dhualgais an Ombudsman, [go n-]oibreoidh an tOmbudsman i gcomhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus le hinstiúidí agus comhlachtaí eile, fad is a sheachnófar aon dúbláil le gníomhaiochtaí na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí sin.*’ (féach freisin aithris 12).

***Aontaíonn an Coimisiún leis an bprionsabal gur cheart don Ombudsman comhoibriú le Gníomhaireacht an Aontais um Chearta Bunúsacha a thagann faoi raon feidhme a dhualgas. Mar sin féin, measann sé gur cheart an téacs a shoileáiriú ar na cúiseanna seo a leanas:***

Níl aon inniúlacht ginearálta ag an Ombudsman i réimse chearta an duine agus ní fhéadann sé déileáil ach le cásanna drochriarachán agus comhoibriú leis an nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha sa réimse sin. Ní hiomchuí oibriú le ‘*hinstiúidí agus comhlachtaí eile*’ mura soiléirítear sa togra cé na hinstiúidí agus na comhlachtaí eile atá i gceist (cén réimse inniúlachta? institiúidí/comhlachtaí de chuid an Aontais Eorpaigh nó na comhlachtaí Ballstáit?).

***Molann an Coimisiún an fhocláiocht seo a leanas:***

*‘Faoi raon feidhme a chuid dualgas a leagtar síos in Airteagal 228 CFAE, comhoibreoidh an tOmbudsman le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, agus, san am céanna, seachnóidh sé aon dúbláil ar a gníomhaiochtaí féin agus comhlachtaí na mBallstát atá i gceannas ar chearta bunúsacha a chur chun cinn agus a chosaint.’*

## **SRIANTA AR IARRTHÓIRÍ FÉIDEARTHA OMBUDSMAN**

Foráiltear le hAirteagal 8(2), ‘[go] roghnófar an tOmbudsman as measc daoine ar saoránaigh de chuid an Aontais iad, a bhfuil lánchearta sibhialta agus polaitíochta acu, a thugann gach ráthaíocht neamhspleáchais, nach raibh ina gComhaltaí de rialtais náisiúnta nó ina gComhaltaí nó Feisirí d’instiúidí an Aontais le trí bliana roimhe sin agus a chomhlíonann na coinníollacha neamhchlaonta is gá chun oifig bhreithiúnach ina dtír féin a bheith acu nó a bhfuil inniúlacht agus taithí aitheanta acu chun dul i mbun dhualgais an Ombudsman.’

**Ní aontaíonn an Coimisiún leis an togra seo ar na cúiseanna seo a leanas:**

- (1) An oibleagáid atá ar an Ombudsman a bheith neamhspleách agus gan treoracha a iarraidh ar aon rialtas, institiúid, comhlacht, oifig, nó eintiteas nó iad a thógáil uaidh, ní bonn cirt atá sa mhéid sin daoine a bhí in oifig pholaitiúil le trí bliana anuas in institiúid de chuid rialtais náisiúnta nó institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh a eisiamh. Ní bheidh feidhm ag toirmeasc coibhéiseach maidir le breithiúna agus abhcóidí ginearálta na Cúirte Breithiúnais (féach Airteagal 253 CFAE).
- (2) Tá an Coimisiún in amhras ar an gcomhréireacht maidir le gach sealbhóir oifige a eisiamh, lena n-áirítear iar-bhreithiúna na Cúirte Breithiúnais, Comhaltaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus Feisirí de Pharlaimint na hEorpa gan beann ar a bhfiúntas pearsanta agus in ainneoin cosúlachtaí le catagóirí daoine eile nach ndéanfaí a eisiamh. Más é atá ag teastáil coimbhleachtaí leasa a sheachaint, tá bealaí níos comhréirí ann chun é sin a bhaint amach.
- (3) Foráiltear sa Reacht reatha maidir leis ‘(...) na coinníollacha a chomhlíonadh a cheanglaítear maidir leis an oifig bhreithiúnais is airde ina dtír a fheidhmiú nó an inniúlacht agus an taithí aitheanta a bheith acu chun tabhairt faoi dhualgais an

Ombudsman.’ Ní ann d’aois mhíniú ar an athrú agus an claochlú sin ar an gcéad cheanglas malartach. Is í an iarmhaint dhíreach a bheidh ag an athrú atá beartaithe buntáiste a thabhairt d’iarrthóirí a bhí ina sealbhóirí ar oifig an Ombudsman tharstu sin a raibh oifigí náisiúnta breithiúnacha acu.

## FORÁLACHA CUR CHUN FEIDHME

- Le hAirteagal 17 tugtar isteach an t-íosmhéid ábhair (sé mhír) ba cheart a áireamh ar na forálacha sin agus an gá atá le glacadh ‘i gcomhréir leis an Rialachán seo’. Molann an Coimisiún dul i gcomhairle leis na hinstítiúidí ábhartha, amhail Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún agus na forálacha cur chun feidhme sin á nglacadh, rud is gnáthchleachtas sna hinstítiúidí eile.

## LEASUITHE ILGHNÉITHEACHA

- Foráiltear le hAirteagal 9(3), ‘i gcás luathscor de na dualgais, ceapfar Ombudsman nua laistigh de thrí mhí ón tráth a thagann an oifig chun bheith folamh agus beidh an tOmbudsman nua sin i seilbh oifige ar feadh a mbeidh fágtha de théarma oifige Parlaimint na hEorpa. Go dtí go dtoghfar Ombudsman nua, beidh an príomhoifigeach dá dtagraítear in Airteagal 13(2) freagrach as nithe práinneacha a thagann faoi shainchúram an Ombudsman’.

*Aontaíonn an Coimisiún leis an togra seo*, mar go soiléirítear ann go bhfuil an ‘príomhoifigeach’ (rúnaíocht an Ombudsman dtagraítear in Airteagal 13) freagrach as leanúnachas gnó a airithiú nuair a thagann críoch luath le dualgais an Ombudsman.

- Foráiltear le hAirteagal 10, ‘i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag Parlaimint na hEorpa a iarraidh go mbrisfí an tOmbudsman as an bpost i gcomhréir le hAirteagal 228(2) CFAE, féadfaidh sí éisteacht a thabhairt don Ombudsman sula ndéantar an iarraidh sin.’

*Aontaíonn an Coimisiún leis an togra seo*, mar go bhfuil sé cothrom go n-éistfidh Parlaimint na hEorpa leis an Ombudsman nuair atá sé ar intinn aige a dhíhostú a iarraidh.

- Foráiltear le hAirteagal 13(1), ‘tabharfar buiséad leordhóthanach agus imleor don Ombudsman a áiritheoidh neamhspleáchas an Ombudsman agus chun foráil a dhéanamh maidir le feidhmiú na ndualgas dá dtagraítear sna Conarthaí agus sa Rialachán seo.’

*Aontaíonn an Coimisiún leis an togra seo*, mar go léiríonn sé an géarghá atá le hacmhainní airgeadais leordhóthanacha le go bhféadfaidh an tOmbudsman a chuid dualgas a chomhlíonadh.

- Foráiltear le hAirteagal 13(3), ‘ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Ombudsman cothromaíocht inscne a bhaint amach i gcomhdhéanamh rúnaíocht an Ombudsman.

*Aontaíonn an Coimisiún leis an togra seo*, mar go bhfuil sé mar chuspóir aige paireacht inscne a airithiú laistigh de rúnaíocht an Ombudsman. **Mar sin féin, molann an Coimisiún an téacs breise seo a leanas:** ‘(...) i gcomhréir le hAirteagal 1d(2) de na Rialacháin Foirne’.